II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/700 ÓN gCOIMISIÚN

**an 4 Bealtaine 2022**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 maidir le hallmhairiú leannlusanna ó thríú tíortha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 190(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 ón gCoimisiún ([2]) na gníomhaireachtaí i dtríú tíortha atá údaraithe chun na fianuithe a eisiúint a ghabhann le táirgí leannlusanna a allmhairítear ó na tíortha sin. Aithnítear go bhfuil na fianuithe sin coibhéiseach leis an deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 77 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(2) Is iad na gníomhaireachtaí lena mbaineann sna tríú tíortha sin atá freagrach as an bhfaisnéis a sholáthraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 a choimeád cothrom le dáta agus as an bhfaisnéis sin a chur in iúl don Choimisiún de mheon an dlúthchomhair.

(3) Sheol Ceanada iarraidh chuig an gCoimisiún leasú a dhéanamh ar ainm agus ar sheoladh na gníomhaireachta inniúla atá údaraithe chun fianuithe coibhéise a eisiúint. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, is iomchuí Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 a ionadú ina hiomláine.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 a leasú dá réir sin.

(5) Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun aistriú rianúil a ráthú i sreafaí trádála na hearnála lena mbaineann, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008**

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 maidir le hallmhairiú leannlusanna ó thríú tíortha (IO L 340, 19.12.2008, lch. 45).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN I*

**GNÍOMHAIREACHTAÍ ATÁ ÚDARAITHE CHUN FIANUITHE A EISIÚINT I LEITH NA dTÁIRGÍ SEO A LEANAS:**

**Buaircíní leannlusanna, cód AC: ex 12 10**

**Púdair leannlusanna, cód AC: ex 12 10**

**Súnna leannlusanna agus úisc leannlusanna, cód AC: 1302 13 00**

| Tír thionscnaimh | Gníomhaireachtaí údaraithe | Seoladh | Cód | Teil. | Facs | R-phost (roghnach) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (AR) an Airgintín | Coordinación Regional Temática de Protección Vegetal (CRTPV).<br>Servicio Nacional de Sanidad y Calidad Agroalimentaria (SENASA)<br>Centro Regional Patagonia Norte | Calle 9 de Julio 933. General Roca, Provincia de Río Negro, Cod 8334 | (54-298) | 44 28 594<br>44 32 190 | 44 28 594<br>44 32 190 | groca@senasa.gov.ar<br>cpaulovich@senasa.gov.ar<br>jesparza@senasa.gov.ar |
| | Servicio Nacional de Sanidad y Calidad Agroalimentaria (SENASA) | Av. Pasco Colon 367 Ciudad Aut. de Buenos Aires, C1063ACD | (54-11) | 41 21 50 00 | 41 21 50 00 | webmaster@senasa.gob.ar<br>cdei@senasa.gob.ar |
| (AU) an Astráil | Biosecurity Tasmania -Department of Primary Industries, Parks, Water and Environment | 13 St John's Avenue, New Town TAS 7008<br>Hobart TAS 7000, Australia | (61-3) | 62 33 33 52 | 03 6165 3777 | Biosecurity.Tasmania@dpipwe.tas.gov.au<br>nó<br>Export.Enquiries.Tas@dpipwe.tas.gov.au |
| (CA) Ceanada | Pacific Agricultural Certification Society (PACS) | 3402 32nd Avenue, Vernon, British Columbia, Canada, V1T2N1 | (1-613) | 1-250- 558-7927 | 1- 250-558-7947 | admin@pacscertifiedorganic.ca |
| (CH) an Eilvéis | Labor Veritas | Engimattstrasse 11, Postfach 353, CH-8027 Zürich | (41-44) | 283 29 30 | 201 42 49 | admin@laborveritas.ch |
| (CN) an tSín | Tianjin Airport Entry-Exit Inspection and Quarantine Bureau of the People's Republic of China | No 33 Youyi Road, Hexi District Tianjin 300201 | (86-22) | 28 13 40 78 | 28 13 40 78 | ciqtj2002@163.com |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tianjin Economic and Technical Development Zone Entry-Exit Inspection and Quarantine Bureau of the People's Republic of China | No 8, Zhaofaxincun 2nd Avenue, TEDA Tianjin 300457 | (86-22) | 662 98-343 | 662 98-245 | zhujw@tjciq.gov.cn |
| | Inner Mongolia Entry-Exit Inspection and Quarantine Bureau of the People's Republic of China | No 12 Erdos Street, Saihan District, Huhhot City Inner Mongolia 010020 | (86-471) | 434-1943 | 434-2163 | zhaoxb@nmciq.gov.cn |
| | Xinjiang Entry-Exit Inspection and Quarantine Bureau of the People's Republic of China | No 116 North Nanhu Road Urumqi City Xinjiang 830063 | (86-991) | 464-0057 | 464-0050 | xjciq_jw@xjciq.gov.cn |
| (NZ) an Nua-Shéalainn | Ministry for Primary Industries | P.O. Box 2526, Wellington 6140 | (64-4) | 830 1574 | 894 0300 | |
| (RS) an tSeirbia | Institut za ratarstvo i povrtarstvo/<br>Institute of Field and Vegetable Crops | 21000 Novi Sad Maksima Gorkog 30. | (381-21) | 780 365<br>Oibritheoir:<br>4898 100 | 780 198 | institut@ifvcns.ns.ac.rs |
| (UA) an Úcráin | Productional-Technical Centre (PTZ)<br>Ukrhmel | Hlebnaja 27262028 Zhitomir | (380) | 37 21 11 | 36 73 31 | |
| (UK) an Ríocht Aontaithe (*) | Rural Payments Agency (RPA) | Lancaster House, Hampshire Court, Newcastle upon Tyne, NE4 7YH<br>United Kingdom | (44) | 3300 416 500 | - | hops.exports@rpa.gov.uk |
| (US) na Stáit Aontaithe | Washington Department of Agriculture<br>State Chemical and Hop Lab | 21 N. 1st Ave. Suite 106 Yakima, WA 98902 | (1-509) | 225 76 26 | 454 76 99 | |
| | Idaho Department of Agriculture<br>Division of Plant Industries<br>Hop Inspection Lab | 2270 Old Penitentiary Road P.O. Box 790 Boise, ID 83701 | (1-208) | 332 86 20 | 334 22 83 | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oregon Department of Agriculture<br>Commodity Inspection Division | 635 Capital Street NE Salem, OR 97310-2532 | (1-503) | 986 46 20 | 986 47 37 | |
| | California Department of Food and Agriculture (CDFA-CAC)<br>Division of Inspection Services<br>Analytical Chemistry Laboratory | 3292 Meadowview Road Sacramento, CA 95832 | (1-916) | 445 00 29 nó 262 14 34 | 262 15 72 | |
| | USDA, GIPSA, FGIS | 1100 NW Naito Parkway Portland, OR 97209-2818 | (1-503) | 326 78 87 | 326 78 96 | |
| | USDA, GIPSA, TSD, Tech Service Division, Technical Testing Laboratory | 10383 Nth Ambassador Drive Kansas City, MO 64153-1394 | (1-816) | 891 04 01 | 891 04 78 | |
| (ZA) an Afraic Theas | CSIR Food Science and Technology | PO Box 3950001 Pretoria | (27-12) | 841 31 72 | 841 35 94 | |
| (ZW) an tSiombáib | Standards Association of Zimbabwe (SAZ) | Northend Close, Northridge Park Borrowdale, P.O. Box 2259 Harare | (263-4) | 88 20 17, 88 20 21, 88 55 11 | 88 20 20 | info@saz.org.zw<br>saz.org.zw” |

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.